**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Meitheamh 2022 – QI v an Coimisiún**

**(Cás T-122/21)** ([1])

***(Seirbhís shibhialta – Oifigigh – Tuarascáil mheastóireachta – Measúnaithe foirne 2018 agus 2019 – Measúnú míshásúil ar fheidhmíocht na bainistíochta – Forálacha ginearálta chun Airteagal 43 de na Rialacháin Foirne a chur chun feidhme – Nós imeachta bailíochtaithe – Prionsabal na neamhchlaontachta – Earráid mheasúnaithe follasach)***

(2022/C 303/50)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QI (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin agus L. Hohenecker, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean, arna taisceadh sa Chlárlann an 25 Feabhra 2022, atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí a thuarascálacha mheastóireachta do na blianta measúnaithe 2018 agus 2019 agus cinneadh an 16 Samhain 2020 ag diúltú dá ghearán i gcoinne na dtuarascálacha sin a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an tuarascáil mheastóireachta QI don bhliain mheasúnaithe 2019 a chur ar neamhní.

2) Déantar an chaingean a dhíbhe den chuid eile.

3) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a iompar.

([1]) IO C 138, 19.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 22 Meitheamh 2022 – Puma v EUIPO – V. Fraas (FRAAS)**

**(Cás T-329/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh FRAAS – Fíorúsáid an trádmhairc – Úsáid i ndáil leis na hearraí ar cláraíodh an trádmharc ina leith – Airteagal 51(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Cruthúnas ar fhíorúsáid)***

(2022/C 303/51)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaí: M. Schunke, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO is idirghabhálaí os comhair na Cúirte Ginearálta:* V. Fraas GmbH (Helmbrechts-Wüstenselbitz, an Ghearmáin) (ionadaithe: R. Kunze agus F. Tyra, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 24 Márta 2021 (Cás R 2714/2019-5) a neamhniú.